Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

| Coiste na Gaeilge<br><br>**Cruinniú**<br>Dé Céadaoin 28 Iúil 2021, 11.00am<br>Zoom | Irish Language Committee<br><br>**Meeting**<br>Wednesday 28th July, 11.00am<br>Zoom |
|---|---|
| **MIONTUAIRISCÍ** | **MINUTES** |
| **I láthair:**<br>• Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Noel Ó Murchadha (Cathaoirleach)<br>• Rúnaí an Choláiste – John Coman<br>• Ionadaí Chláraitheoir na Seomraí – An Dr Dónall Mac Dónaill<br>• Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Rebecca Coxon<br>• Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Aislinn Ní Dhómhnaill<br>• Oifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabháin (Rúnaí)<br>• Dámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice – Nóirín Nic a' Bháird<br>• An Leabharlann – Nicole Seabrook | **Present:**<br>• Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha (Chair)<br>• Secretary to the College – John Coman<br>• Registrar of Chambers nominee – Dr Dónall Mac Dónaill<br>• Auditor of An Cumann Gaelach – Rebecca Coxon<br>• Students' Union Irish Language Officer – Aislinn Ní Dhómhnaill<br>• Irish Language Officer – Áine Ní Shúilleabháin (Secretary)<br>• Faculty of Science, Technology, Engineering and Mathematics – Nóirín Nic a' Bháird<br>• Library – Nicole Seabrook |
| **1. Ballraíocht & Leithscéalta:**<br>• Ionadaí an Bhoird – An tOllamh Louis Brennan<br>• Roinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – An Dr Eoin Mac Cárthaigh<br>• Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig<br>• Ionadaí na Comhairle – An Dr Damian Murchan<br>• Ionadaí na nDéan – An Dr Anthony O'Connor<br>• Aontas na nIarchéimithe – Gisèle Scanlon<br>• An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Orlaith Tunney | **1. Membership & Apologies:**<br>• Representative of Board – Professor Louis Brennan<br>• Department of Irish & Celtic Languages – Dr Eoin Mac Cárthaigh<br>• Faculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig<br>• Representative of Council – Dr Damian Murchan<br>• Faculty Dean representative – Dr Anthony O'Connor<br>• Graduate Students' Union – Gisèle Scanlon<br>• Administrative and Support Area – Orlaith Tunney |
| **2. Ballraíocht**<br><br>Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair don chruinniú lasmuigh den tréimhse acadúil. An fáth a bhí leis sin ná chun plé a dhéanamh ar an dréachtscéim teanga.<br><br>Fáiltíodh roimh bhall nua, an Dr Nóirín Nic a' Bháird, a bheidh ina hionadaí do Dhámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice.<br>Tá tréimhsí áirithe ballraíochta ag teacht chun deiridh i gcás roinnt ball agus beifear ag súil iad sin a shíneadh ar feadh tréimhse trí bliana eile. | **2. Membership**<br><br>The Chair thanked members for their attendance at the meeting outside the academic period. The reason for this was to discuss the draft language scheme.<br><br>Dr Nóirín Nic a' Bháird, the new Coiste representative for the Faculty of Science, Technology, Engineering and Mathematics, was welcomed.<br>Other periods of membership are coming to an end and it is hoped to extend these for a further three years. |

## 3. Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 14 Aibreán 2021.

Rinneadh tagairt do roinnt pointí atá sna miontuairiscí. Luadh go raibh litir cumtha agus le seoladh go muintir Chlíona Ní Shúilleabháin.

Moladh ag an gcruinniú deireanach go gcuirfí litir comhghairdis go Muireann Nic Corcráin as a bheith tofa ina Leas-Uachtaráin don Ghaeilge le AMLÉ. Níl sí sin le seoladh anois mar go bhfuil glactha ag Muireann le ról difriúil lasmuigh de AMLÉ.

Rinneadh teagmháil le Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna chun í a chur ar an eolas faoin mBille Teanga nua agus an chaoi a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar an rannóg sin. D'eisigh an Rialtas ceannteidil leasuithe le déanaí agus tá sé i gceist go ndéanfaí teagmháil le hoifigí áirithe san ollscoil maidir leis na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an mBille orthu.

*Ag an bpointe seo thug Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn, Aislinn Ní Dhómhnaill, tuairisc don Choiste ar a cuid oibre (pointe 7 thíos). Ansin leanadh ar aghaidh le pointe 4 thíos, Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Ceathrú Scéim Teanga.*

## 3. Minutes

The minutes of the meeting held on 14th April 2021 were approved.

Reference was made to a number of points in the minutes. A letter has been composed and is to be sent to Cliona Ní Shúilleabháin's family.

It was suggested at the last meeting that a letter of congratulations would be sent to Muireann Nic Corcráin for her election to the role of Vice-President for the Irish Language with the USI. Muireann has assumed a different role outside of the USI and the letter will not be sent.

The Director of HR has been notified about the new Irish Language Bill and how it may affect the office. Revised amendments were recently issued by Government and it is intended to contact selected offices in the university regarding the possible implications of the Bill for them.

*At this stage, the Irish Language Officer of the Union of Students, Aislinn Ní Dhómhnaill, reported to the Committee on its work (point 7 below). Point 4 below followed the Official Languages Act & Fourth Language Scheme.*

## 4. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Ceathrú Scéim Teanga

**Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú)**
Cuireadh in iúl gur tháinig críoch le plé ar an mBille Teanga ag céim an Choiste le déanaí. Níor glacadh le han-chuid de leasuithe an fhreasúra ach d'fhógair an tAire Stáit, Jack Chambers, ceannteidil leasuithe dá chuid féin le déanaí, mar shampla:

- Cuirfear spriocdháta leis an bhforáil go mbeidh 20% de na hearcaithe nua sa tseirbhís phoiblí inniúil sa Ghaeilge;
- Beidh an síneadh fada in úsáid i gcórais TF de chuid chomhlachtaí poiblí;
- Beidh ar chomhlacht poiblí 20% dá chuid fógraíochta a dhéanamh i nGaeilge agus ní mór do 5% de sin a bheith sna meáin Ghaeilge;
- Beidh lógónna nua atá le húsáid ag comhlachtaí poiblí i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla.

Luadh go bhféadfadh go leor athruithe a bheith i gceist don ollscoil agus go rachfaí i dteagmháil leis na hoifigí ábhartha chun iad a chur ar an eolas e.g. Acmhainní Daonna, Seirbhísí TF, an rannóg margaíochta, srl.

## 4. Official Languages Act and the Fourth Language Scheme

**Official Languages (Amendment) Bill**
Discussions on the Languages Bill at committee stage ended recently. Many of the opposition's amendments were not accepted but the Minister of State, Jack Chambers, recently announced his own heads of amendments, for example:

- A deadline will accompany the provision that 20% of new recruits to the public service will be competent in Irish;
- The use of the "síneadh fada" will be accommodated in all ICT systems operated by public bodies'
- Each public body will carry out at least 20% of its annual advertising in the Irish language and 5% in the Irish language media;
- New logos to be used by public bodies will be in Irish or in Irish and English.

These amendments will result in changes across the university and the relevant offices will be contacted to inform them e.g. HR, IT Services, marketing, etc.

| Gaeilge | | English |
|---|---|---|
| **An Scéim Teanga**<br>Rinne an tOifigeach Gaeilge achoimre ar an dréachtcháipéis den Scéim Teanga a bhí scaipthe ar bhaill an Choiste roimh ré. Rinneadh cur síos ar aon athruithe nó nuashonruithe a bhí déanta ón tríú scéim teanga agus ar na príomhghealltanais atá leagtha amach sa scéim nua; ó chumarsáid scríofa agus foirmeacha iarratais, go córais teicneolaíochta faisnéise agus úsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta. Cuireadh fáilte roimh cheisteanna agus tuairimí an Choiste.<br><br>Luaigh an Cathaoirleach gurb í an chéad chéim eile sa phróiseas don Scéim Teanga ná an cháipéis a sheoladh chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le faomhadh sula gcuirfear os comhair Bhord na hollscoile í. | | **Irish Language Scheme**<br>The Irish Language Officer summarised the draft language scheme which had been circulated to members in advance. Changes and updates from the third language scheme were outlined as well as the main commitments given in the new scheme; from written communications and application forms to information technology systems and the use of Irish on social media. Questions and comments were welcomed from members.<br><br>The Chair explained that the next step in the process is to submit the document to the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media for approval before it is sent to the College Board. |
| **5. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge**<br><br>Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar imeachtaí an téarma agus ar obair leanúnach na hOifige.<br><br>**An Ceathrú Scéim Teanga**<br>Táthar tar éis a bheith ag obair le hoifigí agus le ranna éagsúla san ollscoil le roinnt míonna chun gealltanais nua a aontú. Cuireadh na tuairimí agus na moltaí a bailíodh ó phobal na hollscoile tríd an bpróiseas comhairliúcháin san áireamh agus iad á gcur le chéile. Tá thart ar 30 gealltanas nua éagsúil i gceist.<br><br>**An Scéim Cónaithe 2021/22**<br>Tá an próiseas roghnúcháin do Scéim an Champais agus na Dara Bliana curtha i gcrích. Bhí laghdú ar líon na n-iarratas i mbliana agus tá seans ann go bhfuil baint ag an bpaindéim agus ag an éiginnteacht a bhaineann léi leis sin. Reáchtáladh na hagallaimh ar líne agus gabhtar buíochas leis an Dr Mícheál Hoyne a bhí ar an bpainéal agallaimh. Cuireadh beagnach 40 mac léinn faoi agallamh do 18 spás agus tá na spásanna sin ofráilte anois do na mic léinn a roghnaíodh.<br><br>Tá an próiseas roghnúcháin do Scéim na Chéad Bhliana ag teacht chun críche. Bhí laghdú ar líon na n-iarratas chomh maith i gcomparáid le blianta roimhe seo. Reáchtáladh na hagallaimh ar líne an tseachtain seo caite agus gabhtar buíochas leis an Dr Dónall Mac Dónaill a bhí ar an bpainéal agallaimh. Cuireadh 25 mac léinn faoi agallamh do 12 spás. Déanfar teagmháil leis na daltaí roghnaithe an tseachtain seo chun na spásanna a ofráil dóibh.<br><br>**Ranganna Gaeilge**<br>Scaipeadh suirbhé aiseolais ar na foghlaimeoirí ag deireadh na gcúrsaí agus fuarthas 40 freagra. Chuir 49% in iúl gurbh fhearr leo freastal ar ranganna ar líne an bhliain seo chugainn Vs 38% a chur in iúl gurbh fhearr leo freastal ar ranganna ar an gcampas má cheadaíonn na srianta a leithéid. | | **5. Report of the Irish Language Officer**<br><br>The Irish Language Officer gave an account of the events of the term and the ongoing work of the Office.<br><br>**Fourth Irish Language Scheme**<br>Work has been carried out over recent months on agreeing new commitments with various College offices and departments. The views and suggestions compiled from the College community in the consultation process have been taken into account in the approximately 30 new commitments.<br><br>**Irish Language Residency Scheme 2021/22**<br>The selection process for the Campus & Second Year Residency Scheme has been completed. The number of applications decreased this year and it's likely that the pandemic and the uncertainty associated with it affected this. Online interviews were conducted and Dr Mícheál Hoyne was thanked for his time on the interview panel. Nearly 40 students were interviewed for 18 spaces and those spaces have now been offered to the selected students.<br><br>The selection process for the First Year Residency Scheme is coming to an end. The number of applications also decreased compared with recent years. Online interviews were conducted last week, and Dr Dónall Mac Dónaill was thanked for his time on the interview panel. 25 students were interviewed for 12 spaces. The selected students will be contacted this week to offer them the spaces.<br><br>**Irish Language Classes**<br>A feedback survey was distributed to learners at the end of the courses and 40 replies were received. 49% of respondents indicated that they would prefer to attend online classes next year Vs 38% who would prefer to attend classes on-campus if restrictions permit. |

Beidh conradh nua le cur i bhfeidhm do sholáthraí na ranganna don bhliain seo chugainn. Iarrfar ar trí chuideachta éagsúil meastachán a chur ar fáil. Tá sé dóchúil go mbeidh ranganna Théarma na Féile Michíl ar líne arís i mbliana agus braithfidh ranganna Théarma na Féile Bríde ar shrianta a bheith nó gan a bheith i bhfeidhm ag tús na bliana 2022.

**Ciorcal Comhrá**
Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an gciorcal comhrá seachtainiúil ar líne don samhradh. Braithfidh sé ar na srianta a bheidh i bhfeidhm níos déanaí sa bhliain an mbeifí in ann teacht le chéile ar an gcampas nó lasmuigh.

**Tangent, Trinity's Ideas Workspace**
Táthar ag comhoibriú le Tangent agus le hÚdarás na Gaeltachta chun deiseanna taithí oibre a chur ar fáil do mhic léinn na hollscoile sa Ghaeltacht. Cuireadh tús le clár píolótach an samhradh seo inar ofráladh trí phost; dhá phost in gteiceanna an Údaráis sna Forbracha agus i nGaoth Dobhair a bhfuil Gaeilge ag teastáil dóibh, agus post amháin le Randox Teoranta i nDún na nGall. Táthar ag súil go mbeifear in ann forbairt a dhéanamh ar na deiseanna seo amach anseo.

**TEG**
Rinne duine amháin scrúdú TEG i mbliana. Rinneadh an scrúdú A2 iomlán (lánchreidiúint) agus cuirfear deontas €80 ar fáil i dtreo costais €120.

**Tuairisc Airgeadais**
Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2020 go Bealtaine 2021 (8 mí) ar fáil.

Bhí caiteachas €81,594.22 idir ábhair phá agus neamh-phá i gceist as buiséad de €106,500.00. Meassadh go mbeifear in ann cloí leis an mbuiséad go deireadh na bliana ach luadh arís go bhfuil suas le thart ar €6,000 nár caitheadh ar thionscadail áirithe de bharr shrianta na paindéime.

A new contract will need to be put in place for the next year's class provider. Three companies will be asked to provide quotations. Michaelmas term classes are likely to be online again this year and Hilary Term classes will depend on whether restrictions are in place at the beginning of 2022.

**Conversation Circle**
The weekly conversation circle is continuing online for the summer. It will depend on the restrictions that will apply later in the year whether the group can come together on campus or outside.

**Tangent, Trinity's Ideas Workspace**
The Irish Language Officer is working with Tangent and Údarás na Gaeltachta to provide work experience opportunities for students in the Gaeltacht. A pilot programme was launched this summer which offered three jobs; two posts in Údarás na Gaeltachta gteics in Na Forbracha and Gaoth Dobhair with an Irish language requirement, and a job with Randox in Donegal. It is hoped that these opportunities can be developed further in the future.

**TEG**
One person completed a TEG exam this year. The full examination (full certification) was undertaken at A2 level and €80 will be provided towards a cost of €120.

**Financial Report**
A financial account for the period October 2020 to May 2021 (8 months) was provided.

Expenditure stands at €81,594.22 between pay and non-pay items, from a budget of €106,500.00. It is estimated that it will be possible to stay within budget until the end of the year but it was stated again that up to approximately €6,000 was not spent on certain projects due to pandemic restrictions.

## 6. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh

Rinne an Reachtaire nua cur síos ar obair an Chumainn ón gcruinniú deireanach:

- Tá coiste nua tofa agus tá na sonraí le fáil ar shuíomh gréasáin an Chumainn.
- Tá oiliúint curtha ar na hoifigigh nua agus tá tús curtha le pleanáil agus le hullmhúchán don bhliain acadúil nua.
- Cuireadh agallamh ar oifigigh an Chumainn mar chuid de Chomórtas na gCumann Gaelacha sna Coláistí Tríú Leibhéal a bhíonn eagraithe ag Glór na nGael. Fógraíodh na buaiteoirí beo ar chlár Raidió na Gaeltachta, Bladhaire, i mí na Bealtaine áit ar ainmníodh an Cumann sa chéad áit don duais €3,000. Cuireadh agallamh ar an Iar-Reachtaire,

## 6. An Cumann Gaelach Report

The Auditor reported on the society's work since the last meeting:

- A new committee has been elected and details are provided on the society's website.
- The new officers have been trained and planning and preparation have commenced for the new academic year.
- The society's officers were interviewed for the competition of third-level Irish language societies run by Glór na nGael. The winners were announced live on Raidió na Gaeltachta's show, Bladhaire, in May where An Cumann Gaelach was named in first place for the prize of €3,000. The former Auditor,

| | |
|---|---|
| Ciara Ní Mhurchú. Is féidir alt a léamh faoi ar Tuairisc.ie anseo.<br>• Rinneadh teagmháil leis an tSeirbhís do Dhaoine faoi Mhíchumas chun comhairle a fháil ar na bealaí ina bhféadfaí an Cumann a dhéanamh níos oscailte agus níos inrochtana do mhic léinn agus é mar aidhm ag an gCumann tógáil ar an obair a rinneadh leis an bhfeachtais 'Rochtain ar Ghaeilge do Chách'.<br>• Beidh cruinniú le reáchtáil don choiste ag deireadh an tsamhraidh nuair a bheidh níos mó eolais ar fáil ón ollscoil agus ó Lár-Choiste na gCumann (CSC) maidir le srianta. Táthar ag súil go mbeifear in ann imeachtaí a chur ar siúl ar an gcampas arís.<br><br>Tréaslaíodh leis an gCumann agus le hOifigeach Gaeilge AML as na gradaim a bhain siad amach i mbliain thar a bheith dúshlánach, is iad sin, an chéad áit i nGradaim Ghlór na nGael agus Bonn Óir na Gaeilge ó AMLÉ. | Ciara Ní Mhurchú, was interviewed. An article featured on Tuairisc.ie and can be read here.<br>• The society has contacted the Disability Service for advice on how to make the society more open and accessible to students, with the aim of building on the work of the 'Access to Irish for All' campaign.<br>• A committee meeting will be held at the end of the summer when more information on restrictions will be available from College and the CSC. It is hoped it will be possible for events to take place on campus again.<br><br>The society and SU Officer were congratulated for the awards they received in a very challenging year, namely, first place in the Glór na nGael awards and the USI's Gold Medal for Irish. |
| **7. Tuairisc Aontas na Mac Léinn** | **7. Students' Union Report** |
| Thug Oifigeach Gaeilge nua Aontas na Mac Léinn (AML) cuntas ar an obair a bhí ar bun le roinnt seachtainí.<br><br>• Bronnadh bonn óir ar Aontas na Mac Léinn trí scéim *Bonn na Gaeilge* de chuid Aontas na Mac Léinn in Éirinn as a chuid iarrachtaí an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn.<br>• Tá na dátaí socraithe do Sheachtain na hÉigse; 7-11 Feabhra 2022. Cuirfear fochoiste le chéile sa bhliain acadúil nua.<br>• Leanfaidh Coiste Gaeilge Aontas na Mac Léinn, a cuireadh ar bun i mbliana, ar aghaidh lena chuid oibre sa bhliain acadúil nua.<br>• Tá scéim nua meantóireachta agus aitheantais curtha ar bun in áit scéim Bhonn na Gaeilge. Is comhpháirtíocht idir Chonradh na Gaeilge agus AMLÉ í agus tá an tOifigeach Gaeilge ag glacadh páirte ann ar son AML Choláiste na Tríonóide. Roghnaítear meantóir do gach mac léinn agus cuirfidh siad comhairle agus cúnamh ar fáil dóibh i rith na bliana. Is é Colm Ó Néill atá ainmnithe mar mheantóir do Choláiste na Tríonóide.<br>• Tá sé i gceist plé a dhéanamh le hOifigeach Cumarsáide AML maidir le cur le feabhas a chur ar chumarsáid an Aontais ó thaobh inrochtaineachta de, mar shampla taifeadadh i nGaeilge agus stór focal a chur leis na ríomhphoist seachtainiúla. | The SU Irish Language Officer gave an account of the work carried out over the course of the term.<br><br>• The SU was awarded a gold medal by the USI *Bonn na Gaeilge* scheme for its efforts to use and promote the Irish language.<br>• The dates for the Éigse na Tríonóide festival have been set for 7-11th February 2022. A sub-committee will be established in the new academic year.<br>• The SU's Irish Language Committee which was set up this year will continue its work in the new academic year.<br>• A new mentoring and recognition scheme has been established to replace the *Bonn na Gaeilge* scheme. It is a partnership between Conradh na Gaeilge and the USI, and the SU Irish Language Officer will be participating on behalf of TCDSU. A mentor is selected for each student and will provide advice and assistance to them throughout the year. Colm Ó Néill has been designated as mentor for Trinity.<br>• It is intended to discuss with the SU Communication Officer how to improve accessibility regarding the Union's communications, for example, the addition of Irish language recordings and vocabulary to their weekly emails. |
| **8. Seomra na Gaeilge** | **8. Seomra na Gaeilge** |
| Tá Seomra na Gaeilge áirithe anois sa phlean ollscoile maidir le rochtain do chách (universal access) agus tá sé i gceist go ndéanfaí athbhreithniú air ar mhaithe le rochtain. Tá Oifig na nEastát agus na Saoráidí tar éis cuireadh chun tairisceana a eisiúint agus iad ag lorg meastachán ó chomhlachtaí chun | Seomra na Gaeilge has now been included in the College's Universal Access Plan and is intended to be look at in terms of accessibility. Estates and Facilities has issued an invitation to tender for quotations to conduct feasibility studies at |

| | | |
|---|---|---|
| staidéir féidearthachta a dhéanamh ar thrí láthair ollscoile, Seomra na Gaeilge ina measc. Is é an spriocdháta don phróiseas seo ná deireadh na míosa seo. | | three College locations, including Seomra na Gaeilge. The deadline for this process is the end of this month. |
| **9. Aon ghnó eile**<br><br>Ní raibh aon ghnó eile. | | **9. Any other business**<br><br>There was no other business. |